Is áis doiciméadúcháin amháin an téacs seo agus níl aon éifeacht dhlíthiúil aige. Ní ghabhann institiúidí an Aontais aon dliteanas orthu féin i leith inneachar an téacs. Is iad na leaganacha de na gníomhartha a foilsíodh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh agus atá ar fáil ar an suíomh gréasáin EUR-Lex na leaganacha barántúla de na gníomhartha ábhartha, brollach an téacs san áireamh. Is féidir teacht ar na téacsanna oifigiúla sin ach na naisc atá leabaithe sa doiciméad seo a bhrú

►B **RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2026/331 ÓN gCOIMISIÚN**

an 13 Feabhra 2026

lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/3110 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí aicmí feidhmíochta a chinneadh i ndáil leis an tsaintréith fhíor-riachtanach ‘imoibriú le dóiteán’

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(IO L 331, 21.4.2026, lch. 1)

Arna cheartú le:

►C1 Ceartúchán, IO L 90421, 1.6.2026, lch. 1 (2026/331)

▼B

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2026/331 ÓN gCOIMISIÚN

an 13 Feabhra 2026

lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/3110 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí aicmí feidhmíochta a chinneadh i ndáil leis an tsaintréith fhíor-riachtanach ‘imoibriú le dóiteán’

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

Airteagal 1

Is iad na haicmí feidhmíochta a leagtar amach san Iarscríbhinn na haicmí feidhmíochta i ndáil leis an tsaintréith fhíor-riachtanach táirgí ‘imoibriú le dóiteán’.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

▼B

IARSCRÍBHINN

A. SIOMBAILÍ

Chun críocha na hIarscríbhinne seo, tá feidhm ag na siombailí seo a leanas:

I gcás gach aicme	
ΔT	ardú teochta
Δm	caillteanas maise
t_f	fad an bhladhmtha
OLC	oll-luach calrach
LLC	leathadh lasrach cliathánach
SMOGRA	ráta fáis deataigh
I gcás gach aicme seachas aicmí a bhaineann le cáblaí leictreacha	
FIGRA	ráta fáis dóiteáin
SIT	scaoileadh iomlán teasa
TID	táirgeadh iomlán deataigh
LL	leathadh lasrach
Le haghaidh aicmí a bhaineann le cáblaí leictreacha amháin	
RST_{sm30}, kW	ráta scaoilte teasa meánaithe le meán aistritheach 30-s
RTD_{sm60}, m^2/s	ráta táirgthe deataigh meánaithe le meán aistritheach 60-s
Buaicphointe RST, kW	RST_{sm30} uasta idir tús na tástála agus deireadh na tástála, ionchur eisiata ón bhfoinse adhainte
Buaicphointe RTD, m^2/s	RTD_{sm60} uasta idir tús na tástála agus deireadh na tástála
SIT_{1200}, MJ	scaoileadh iomlán teasa (RST_{sm30}) ó thús na tástála go dtí deireadh na tástála, ionchur eisiata ón bhfoinse adhainte

▼C1

TID_{1200}, m^2	táirgeadh iomlán deataigh (RTD_{sm60}) ó thús na tástála go deireadh na tástála

▼B

FIGRA, W/s	innéacs an ráta fáis dóiteáin arna shainmhíniú mar an luach is airde den líon idir SIT_{sm30} gan ionchur na foinse adhainte agus an t-am a chur san áireamh. Luachanna tairsí RST_{sm30} = 3 kW agus SIT = 0,4 MJ
LL	leathadh lasrach (fad damáiste)
H	leathadh lasrach

B. SAINMHÍNITHE

Chun críocha na hIarscríbhinne seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) ciallaíonn ‘ábhar’ substaint bhunúsach aonair nó meascán substaintí atá scaipthe go haonfhoirmeach;

(2) ciallaíonn ‘táirge aonchineálach’ táirge arb éard atá ann ábhar aonair, a bhfuil dlús agus comhdhéanamh aonfhoirmeach aige ar fud an táirge;

▼B

(3) ciallaíonn ‘táirge neamh-aonchineálach’ táirge nach gcomhlíonann ceanglais táirge aonchineálaigh agus atá comhdhéanta de chomhábhar amháin nó níos mó, bíodh siad substaintiúil agus/nó neamhshubstaintiúil;

(4) ciallaíonn ‘comhpháirt shubstaintiúil’ ábhar ar cuid shuntasach é de tháirge neamh-aonchineálach. Meastar gur comhpháirt shubstaintiúil é ciseal ag a bhfuil mais ≥ 1,0 kg/m^2 in aghaidh an aonaid achair nó tiús ≥ 1,0 mm;

(5) ciallaíonn ‘comhpháirt neamhshubstaintiúil’ ábhar nach cuid shuntasach é de tháirge neamh-aonchineálach. Meastar gur comhpháirt neamhshubstaintiúil é ciseal ag a bhfuil mais < 1,0 kg/m^2 in aghaidh an aonaid achair nó tiús < 1,0 mm; Dhá chiseal neamhshubstaintiúla nó níos mó atá cóngarach dá chéile, i gcás nach bhfuil aon chomhpháirt shubstaintiúil idir na cisil, meastar iad mar chomhpháirt neamhshubstaintiúil amháin agus aicmítear iad i gcomhréir leis na critéir maidir le ciseal ar comhpháirt neamhshubstaintiúil é;

(6) ciallaíonn ‘comhpháirt neamhshubstaintiúil inmheánach’ comhpháirt neamhshubstaintiúil a chumhdaítear ar an dá thaobh le comhpháirt shubstaintiúil amháin ar a laghad;

(7) ciallaíonn ‘comhpháirt neamhshubstaintiúil seachtrach’ comhpháirt neamhshubstaintiúil nach gcumhdaítear ar taobh amháin le comhpháirt shubstaintiúil.

C. AICMÍ FEIDHMÍOCHTA MAIDIR LEIS AN TSAINTRÉITH FHÍORRIACHTANACH TÁIRGÍ FOIRGNÍOCHTA ‘IMOIBRIÚ LE DÓITEÁN’

Ginearálta

Tugtar tuairisc iomlán ar na sainmhínithe, na tástálacha agus na critéir feidhmíochta ábhartha nó déantar tagairt iomlán dóibh sna sonraíochtaí teicniúla comhchuibhithe ábhartha, sna doiciméid um measúnú Eorpach, agus sna caighdeáin aicmithe Eorpacha maidir le himoibriú le dóiteán agus caighdeán tástála Eorpacha.

1. **Táirgí seachas urláir, táirgí inslithe theirmigh píobán líneach, agus cáblaí leictreacha**

Tábla 1

Aicme	Modh/Modhanna tástála	Critéir aicmithe	Aicmiú breise
A1	Tástáil neamh-indóiteachta ([1]); *agus*	$\Delta T \leq 30$ °C; *agus* $\Delta m \leq 50$ %; *agus* $t_f = 0$ (is é sin le rá, gan bladhmadh marthanach).	
	Tástáil teasa dócháin	OLC ≤ 2,0 MJkg^{-1} ([1]); *agus* OLC ≤ 2,0 MJkg^{-1} ([2]) ([3]); *agus* OLC ≤ 1,4 MJm^{-2} ([4]); *agus* OLC ≤ 2,0 MJkg^{-1} ([5]).	
A2	Tástáil neamh-indóiteachta ([1]); *nó*	$\Delta T \leq 50$ °C; *agus* $\Delta m \leq 50$ %; *agus* $t_f \leq 20$ s.	
	Tástáil teasa dócháin; *agus*	OLC ≤ 3,0 MJkg^{-1} ([1]); *agus* OLC ≤ 4,0 MJm^{-2} ([2]); *agus* OLC ≤ 4,0 MJm^{-2} ([4]); *agus* OLC ≤ 3,0 MJkg^{-1} ([5]).	
	Tástáil ítime dó aonair).	$FIGRA_{0,2MJ} \leq 120$ Ws^{-1}; *agus* LLC < imeall an eiseamail; *agus* $SIT_{600s} \leq 7,5$ MJ.	Táirgeadh deataigh ([6]); *agus* Braoiníní/cáithníní bladhmtha ([7]).

▼B

Aicme	Modh/Modhanna tástála	Critéir aicmithe	Aicmiú breise
B	Tástáil ítime dó aonair; *agus*	$FIGRA_{0,2MJ} \leq 120\ Ws^{-1}$; *agus* LLC < imeall an eiseamail; *agus* $SIT_{600s} \leq 7,5$ MJ.	Táirgeadh deataigh ([6]); *agus* Braoiníní/cáithníní bladhmtha ([7]).
	Tástáil inadhainteachta ([8]): Nochtadh = 30 s.	LL ≤ 150 mm laistigh de 60 s.	
C	Tástáil ítime dó aonair; *agus*	$FIGRA_{0,4MJ} \leq 250\ Ws^{-1}$; *agus* LLC < imeall an eiseamail; *agus* $SIT_{600s} \leq 15$ MJ.	Táirgeadh deataigh ([6]); *agus* Braoiníní/cáithníní bladhmtha ([7]).
	Tástáil inadhainteachta ([8]): Nochtadh = 30 s.	LL ≤ 150 mm laistigh de 60 s.	
D	Tástáil ítime dó aonair; *agus*	$FIGRA_{0,4MJ} \leq 750\ Ws^{-1}$;	Táirgeadh deataigh ([6]); *agus* Braoiníní/cáithníní bladhmtha ([7]).
	Tástáil inadhainteachta ([8]): Nochtadh = 30 s.	LL ≤ 150 mm laistigh de 60 s.	
E	Tástáil inadhainteachta ([8]): Nochtadh = 15 s.	LL ≤ 150 mm laistigh de 20 s.	Braoiníní/cáithníní bladhmtha ([9])
F	Tástáil inadhainteachta ([8]): Nochtadh = 15 s.	LL > 150 mm laistigh de 20 s.	

([1]) Le haghaidh táirgí aonchineálacha agus comhpháirteanna substaintiúla de tháirgí neamh-aonchineálacha.
([2]) Le haghaidh aon chomhpháirt neamhshubstaintiúla seachtraí de tháirgí neamh-aonchineálacha.
([3]) De rogha air sin, aon chomhpháirt neamhshubstaintiúil sheachtrach ag a bhfuil OLC ≤ 2,0 MJm^{-2}, ar choinníoll go gcomhlíonann an táirge na critéir seo a leanas maidir le tástáil ítime dó aonair: $FIGRA \leq 20\ Ws^{-1}$; *agus*
LLC < imeall an eiseamail; *agus*
$SIT_{600s} \leq 4,0$ MJ; *agus*
s1; *agus*
d0.
([4]) Le haghaidh aon chomhpháirt neamhshubstaintiúla inmheánaí de tháirgí neamh-aonchineálacha.
([5]) Le haghaidh an táirge ina iomláine.
([6]) s1 = SMOGRA ≤ 30 m^2s^{-2} agus $TID_{600s} \leq 50\ m^2$;
s2 = SMOGRA ≤ 180 m^2s^{-2} agus $TID_{600s} \leq 200\ m^2$;
s3 = ní s1 ná s2.
([7]) d0 = níl aon bhraoinín/cáithnín bladhmtha i dtástáil ítime dó aonair laistigh de 600 s;
d1 = ní mhaireann aon bhraoinín/cáithnín bladhmtha níos faide ná 10 s i dtástáil ítime dó aonair laistigh de 600 s;
d2 = ní d0 nó d1.
Tá aicmiú d2 mar thoradh ar adhaint an pháipéir i dtástáil inadhainteachta.
([8]) Faoi dhálaí ionsaí lasrach dromchla agus, más iomchuí don úsáid atá beartaithe don táirge, ionsaí lasrach imill.
([9]) Gan adhaint an pháipéir = gan aicmiú breise;
Adhaint an pháipéir = aicmiú d2.

2. **Cumhdaigh urláir**

Tábla 2

Aicme	Modh/Modhanna tástála	Critéir aicmithe	Aicmiú breise
$A1_{FL}$	Tástáil neamh-indóiteachta ([1]); *agus*	$\Delta T \leq 30$ °C; *agus* $\Delta m \leq 50$ %; *agus* $t_f = 0$ (is é sin le rá, gan bladhmadh marthanach).	

▼B

Aicme	Modh/Modhanna tástála	Critéir aicmithe	Aicmiú breise
	Tástáil teasa dócháin.	OLC ≤ 2,0 $MJkg^{-1}$ (1); *agus* OLC ≤ 2,0 $MJkg^{-1}$ (2); *agus* OLC ≤ 1,4 MJm^{-2} (3); *agus* OLC ≤ 2,0 $MJkg^{-1}$ (4).	
$A2_{FL}$	Tástáil neamh-indóiteachta (1); *nó*	$\Delta T \leq 50\ °C$; *agus* $\Delta m \leq 50\ \%$; *agus* $t_f \leq 20$ s.	
	Tástáil teasa dócháin; *agus*	OLC ≤ 3,0 $MJkg^{-1}$ (1); *agus* OLC ≤ 4,0 MJm^{-2} (2); *agus* OLC ≤ 4,0 MJm^{-2} (3); *agus* OLC ≤ 3,0 $MJkg^{-1}$ (4).	
	An iompraíocht dó a chinneadh trí úsáid a bhaint as tástáil foinse teasa radanta (5).	Flosc criticiúil (6) ≥ 8,0 kWm^{-2}.	Táirgeadh deataigh (7).
B_{FL}	An iompraíocht dó a chinneadh trí úsáid a bhaint as tástáil foinse teasa radanta (5); *agus*	Flosc criticiúil (6) ≥ 8,0 kWm^{-2}.	Táirgeadh deataigh (7).
	Tástáil inadhainteachta (8): Nochtadh = 15 s.	LL ≤ 150 mm laistigh de 20 s.	
C_{FL}	An iompraíocht dó a chinneadh trí úsáid a bhaint as tástáil foinse teasa radanta (5); *agus*	Flosc criticiúil (6) ≥ 4,5 kWm^{-2}.	Táirgeadh deataigh (7).
	Tástáil inadhainteachta (8): Nochtadh = 15 s.	LL ≤ 150 mm laistigh de 20 s.	
D_{FL}	An iompraíocht dó a chinneadh trí úsáid a bhaint as tástáil foinse teasa radanta (5); *agus*	Flosc criticiúil (6) ≥ 3,0 kWm^{-2}.	Táirgeadh deataigh (7).
	Tástáil inadhainteachta (8): Nochtadh = 15 s.	LL ≤ 150 mm laistigh de 20 s.	

▼B

Aicme	Modh/Modhanna tástála	Critéir aicmithe	Aicmiú breise
E_{FL}	Tástáil inadhainteachta ([8]): Nochtadh = 15 s.	LL ≤ 150 mm laistigh de 20 s.	
F_{FL}	Tástáil inadhainteachta ([8]): Nochtadh = 15 s.	LL > 150 mm laistigh de 20 s.	

([1]) Le haghaidh táirgí aonchineálacha agus comhpháirteanna substaintiúla de tháirgí neamh-aonchineálacha.
([2]) Le haghaidh aon chomhpháirt neamhshubstaintiúla seachtraí de tháirgí neamh-aonchineálacha.
([3]) Le haghaidh aon chomhpháirt neamhshubstaintiúla inmheánaí de tháirgí neamh-aonchineálacha.
([4]) Le haghaidh an táirge ina iomláine.
([5]) Fad na tástála = 30 nóiméad.
([6]) Sainmhínítear flosc criticiúil mar an flosc radanta ag a múchann an lasair nó an flosc radanta tar éis tréimhse tástála 30 nóiméad, cibé acu is ísle (i.e. an flosc a chomhfhreagraíonn don mhéid is mó leata lasrach).
([7]) s1 = deatach ≤ 750 % nóim;
s2 = ní s1.
([8]) Faoi dhálaí ionsaí lasrach dromchla agus, más iomchuí don úsáid atá beartaithe don táirge, ionsaí lasrach imill.

3. **Táirgí inslithe píobáin línigh**

Tábla 3

Aicme	Modh/Modhanna tástála	Critéir aicmithe	Aicmiú breise
$A1_L$	Tástáil neamh-indóiteachta ([1]); *agus*	$\Delta T \leq 30\ °C$; *agus* $\Delta m \leq 50\ \%$; *agus* $t_f = 0$ (is é sin le rá, gan bladhmadh marthanach).	
	Tástáil teasa dócháin.	OLC ≤ 2,0 $MJkg^{-1}$ ([1]); *agus* OLC ≤ 2,0 $MJkg^{-1}$ ([2]); *agus* OLC ≤ 1,4 MJm^{-2} ([3]); *agus* OLC ≤ 2,0 $MJkg^{-1}$ ([4]).	
$A2_L$	Tástáil neamh-indóiteachta ([1]); *nó*	$\Delta T \leq 50\ °C$; *agus* $\Delta m \leq 50\ \%$; *agus* $t_f \leq 20$ s.	
	Tástáil teasa dócháin; *agus*	OLC ≤ 3,0 $MJkg^{-1}$ ([1]); *agus* OLC ≤ 4,0 MJm^{-2} ([2]); *agus* OLC ≤ 4,0 MJm^{-2} ([3]); *agus* OLC ≤ 3,0 $MJkg^{-1}$ ([4]).	
	Tástáil ítime dó aonair.	$FIGRA_{0,2MJ} \leq 270\ Ws^{-1}$; *agus* LLC < imeall an eiseamail; *agus* $SIT_{600s} \leq 7,5$ MJ.	Táirgeadh deataigh ([5]); *agus* Braoiníní/cáithníní bladhmtha ([6]).

▼B

Aicme	Modh/Modhanna tástála	Critéir aicmithe	Aicmiú breise
B_L	Tástáil ítime dó aonair; *agus*	$FIGRA_{0,2MJ} \leq 270\ Ws^{-1}$; *agus* LLC < imeall an eiseamail; *agus* $SIT_{600s} \leq 7,5$ MJ.	Táirgeadh deataigh (5); *agus* Braoiníní/cáithníní bladhmtha (6).
	Tástáil inadhainteachta (7): Nochtadh = 30 s.	LL ≤ 150 mm laistigh de 60 s.	
C_L	Tástáil ítime dó aonair; *agus*	$FIGRA_{0,2MJ} \leq 460\ Ws^{-1}$; *agus* LLC < imeall an eiseamail; *agus* $SIT_{600s} \leq 15$ MJ.	Táirgeadh deataigh (5); *agus* Braoiníní/cáithníní bladhmtha (6).
	Tástáil inadhainteachta (7): Nochtadh = 30 s.	LL ≤ 150 mm laistigh de 60 s.	
D_L	Tástáil ítime dó aonair; *agus*	$FIGRA_{0,4MJ} \leq 2\ 100\ Ws^{-1}$; *agus* $SIT_{600s} \leq 100$ MJ.	Táirgeadh deataigh (5); *agus* Braoiníní/cáithníní bladhmtha (6).
	Tástáil inadhainteachta (7): Nochtadh = 30 s.	LL ≤ 150 mm laistigh de 60 s.	
E_L	Tástáil inadhainteachta (7): Nochtadh = 15 s.	LL ≤ 150 mm laistigh de 20 s.	Braoiníní/cáithníní bladhmtha (8).
F_L	Tástáil inadhainteachta (7): Nochtadh = 15 s.	LL > 150 mm laistigh de 20 s.	

(1) Le haghaidh táirgí aonchineálacha agus comhpháirteanna substaintiúla de tháirgí neamh-aonchineálacha.
(2) Le haghaidh aon chomhpháirt neamhshubstaintiúla seachtraí de tháirgí neamh-aonchineálacha.
(3) Le haghaidh aon chomhpháirt neamhshubstaintiúla inmheánaí de tháirgí neamh-aonchineálacha.
(4) Le haghaidh an táirge ina iomláine.
(5) s1 = SMOGRA ≤ 105 m^2s^{-2} agus $TID_{600s} \leq 250\ m^2$;
s2 = SMOGRA ≤ 580 m^2s^{-2} agus $TID_{600s} \leq 1\ 600\ m^2$;
s3 = ní s1 ná s2.
(6) d0 = níl aon bhraoinín/cáithnín bladhmtha i dtástáil ítime dó aonair laistigh de 600 s;
d1 = ní mhaireann aon bhraoinín/cáithnín bladhmtha níos faide ná 10 s i dtástáil ítime dó aonair laistigh de 600 s;
d2 = ní d0 nó d1.
Tá aicmiú d2 mar thoradh ar adhaint an pháipéir i dtástáil inadhainteachta.
(7) Faoi dhálaí ionsaí lasrach dromchla agus, más iomchuí don úsáid atá beartaithe don táirge, ionsaí lasrach imill.
(8) Gan adhaint an pháipéir = gan aicmiú breise;
Adhaint an pháipéir = aicmiú d2.

4. **Cáblaí leictreacha**

Tábla 4

Aicme	Modh/Modhanna tástála	Critéir aicmithe	Aicmiú breise
A_{ca}	Tástáil teasa dócháin.	OLC ≤ 2,0 $MJkg^{-1}$ (1).	
$B1_{ca}$	Iompraíocht dó agus táirgeadh deataigh na tástála cábla teannta (foinse lasrach 30 kW); *agus*	LL ≤ 1,75 m; *agus* $SIT_{1200s} \leq 10$ MJ *agus* Buaicphointe RST ≤ 20 kW *agus* FIGRA ≤ 120 Ws^{-1}.	Táirgeadh deataigh (2) (3); *agus* Braoiníní/cáithníní bladhmtha (4); *agus* Aigéadacht (pH agus seoltacht) (5).
	Leathadh lasrach ingearach tástála cábla aonair.	H ≤ 425 mm.	

▼B

Aicme	Modh/Modhanna tástála	Critéir aicmithe	Aicmiú breise
$B2_{ca}$	Iompraíocht dó agus táirgeadh deataigh na tástála cábla teannta (foinse lasrach 20,5 kW); *agus*	LL ≤ 1,5 m; *agus* SIT_{1200s} ≤ 15 MJ *agus* Buaicphointe RST ≤ 30 kW *agus* FIGRA ≤ 150 Ws^{-1}.	Táirgeadh deataigh (2) (6); *agus* Braoiníní/cáithníní bladhmtha (4); *agus* Aigéadacht (pH agus seoltacht) (5).
	Leathadh lasrach ingearach tástála cábla aonair.	H ≤ 425 mm.	
C_{ca}	Iompraíocht dó agus táirgeadh deataigh na tástála cábla teannta (foinse lasrach 20,5 kW); *agus*	LL ≤ 2,0 m; *agus* SIT_{1200s} ≤ 30 MJ; *agus* Buaicphointe RST ≤ 60 kW; *agus* FIGRA ≤ 300 Ws^{-1}.	Táirgeadh deataigh (2) (6); *agus* Braoiníní/cáithníní bladhmtha (4); *agus* Aigéadacht (pH agus seoltacht) (5).
	Leathadh lasrach ingearach tástála cábla aonair.	H ≤ 425 mm.	
D_{ca}	Iompraíocht dó agus táirgeadh deataigh na tástála cábla teannta (foinse lasrach 20,5 kW); *agus*	SIT_{1200s} ≤ 70 MJ; *agus* Buaicphointe RST ≤ 400 kW; *agus* FIGRA ≤ 1 300 Ws^{-1}.	Táirgeadh deataigh (2) (6); *agus* Braoiníní/cáithníní bladhmtha (4); *agus* Aigéadacht (pH agus seoltacht) (5).
	Leathadh lasrach ingearach tástála cábla aonair.	H ≤ 425 mm.	
E_{ca}	Leathadh lasrach ingearach tástála cábla aonair.	H ≤ 425 mm.	
F_{ca}	Leathadh lasrach ingearach tástála cábla aonair.	H ≤ 425 mm.	

(1) Le haghaidh an táirge ina iomláine, gan ábhair mhiotalacha a chur san áireamh, agus le haghaidh aon comhpháirte seachtraí (is é sin le rá, truaill) den táirge.

(2) s1 = TID_{1200} ≤ 50 m^2 *agus* Buaicphointe RTD ≤ 0,25 m^2/s;
s1a = s1 agus tarchur i gcomhréir le Táirgeadh deataigh tástála dó cábla ≥ 80 %;
s1b = s1 agus tarchur i gcomhréir le Táirgeadh deataigh tástála dó cábla ≥ 60 % < 80 %;
s2 = TID_{1200} ≤ 400 m2 agus Buaicphointe RTD ≤ 1,5 m^2/s;
s3 = ní s1 ná s2.

(3) Ní mór an aicme deataigh a dhearbhaítear le haghaidh cáblaí d'aicme $B1_{ca}$ a bheith de thionscnamh iompraíocht dó agus táirgeadh deataigh na tástála cábla teannta (foinse lasrach 30 kW).

(4) d0 = gan aon bhraoinín/cáithnín bladhmtha laistigh de 1 200 s;
d1 = ní mhaireann aon bhraoinín/cáithnín bladhmtha níos faide ná 10 s laistigh de 1 200 s;
d2 = ní d0 ná d1.

(5) Tástáil ar aigéadacht gás a tháirgtear i dtástáil dó cábla
a1 = seoltacht < 2,5 µS/mm agus pH > 4,3;
a2 = seoltacht < 10 µS/mm agus pH > 4,3;
a3 = ní a1 ná a2.

(6) Ní mór an aicme deataigh a dhearbhaítear le haghaidh cáblaí d'aicmí $B2_{ca}$, C_{ca}, D_{ca} a bheith de thionscnamh iompraíocht dó agus táirgeadh deataigh na tástála cábla teannta (foinse lasrach 20,5 kW).